An Coimisiún Eorpach

FORAS FEASA AR AN AONTAS EORPACH

Forbairt agus comhar

An bhochtaineacht a throid i ndomhan atá ag síorathrú

"Aithnítear i láthair na huaire go bhfuil na hacmhainní teicneolaíochta, airgeadais agus ábhartha againn chun deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht ar fud an domhain faoin mbliain 2030. Níl aon leithscéal againn gan é sin a dhéanamh."

Andris Piebalgs, an Coimisinéir Eorpach um Fhorbairt

FORAS FEASA AR AN AONTAS EORPACH

Cuid de shraith foilseachán is ea an foilseachán seo. Tugann an tsraith sin léargas ar obair an AE i réimsí éagsúla beartais, ar na fáthanna a bhfuil an AE bainteach leis na réimsí sin agus ar thorthaí na hoibre sin.

Is féidir leat a fheiceáil ar líne cé na cinn atá ar fáil agus iad a íoslódáil ag:
http://europa.eu/pol/index_ga.htm

Conas a oibríonn an AE
An Eoraip 2020: Straitéis fáis na hEorpa
Bunaitheoirí an AE

An clár oibre digiteach
An comhrac i gcoinne na calaoise
An comhshaol
An fhiontraíocht
An margadh inmheánach
Aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta agus an euro
Beartas réigiúnach
Buiséad
Cabhair dhaonnúil
Cánachas
Ceartas, saoránacht, cearta bunúsacha
Cultúr agus gnóthaí closamhairc
Custam
Forbairt agus comhar ✖
Fostaíocht agus gnóthaí sóisialta
Fuinneamh
Gníomhú ar son na haeráide
Gnóthaí eachtracha agus an beartas slándála
Iascaigh agus gnóthaí muirí
Imirce agus tearmann
Iomaíocht
Iompar
Méadú
Oideachas, gairmoiliúint, an óige agus an spórt
Sábháilteacht bia
Sláinte phoiblí
Taighde agus nuálaíocht
Talmhaíocht
Teorainneacha agus slándáil
Tomhaltóirí
Trádáil

CLÁR

An fáth a bhfuil gá le beartas um fhorbairt agus comhar
I dteannta a chéile is fearr iad 3

An chaoi a dtéann an AE ina bhun sin
Cur chuige saincheaptha 6

An méid a dhéanann an AE
Ó bhriathar go beart 9

Amach romhainn
Ár n-uaillmhianta a chomhlíonadh 15

Tuilleadh eolais 16

Foras Feasa ar an Aontas Eorpach: Forbairt agus comhar

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
Foilseacháin
1049 An Bhruiséil
AN BHEILG

Arna chríochnú mí Feabhra 2014

Grianghraf clúdaigh agus grianghraf ar leathanach 2:
© iStockphoto.com/lucadp

16 lch. — 21 × 29.7 cm
ISBN 978-92-79-24210-6
doi:10.2775/57057

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2014

© An tAontas Eorpach, 2014
Tá atáirgeadh údaraithe. Chun grianghraf a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a iarraidh ar shealbhóirí an chóipchirt.

An fáth a bhfuil gá le beartas um fhorbairt agus comhar

I dteannta a chéile is fearr iad

Cuireadh €55.2 billiún de chúnamh oifigiúil forbraíochta ar fáil in 2012, agus is iad na hinstitiúidí Eorpacha agus na 28 mBallstát den AE i dteannta a chéile a chuireann breis agus leath den chúnamh oifigiúil domhanda ar fáil, rud a fhágann gurb é an AE an bronntóir is mó de chúnamh ar domhan.

Maidir leis an gCoimisiún Eorpach chuir sé breis agus €13.5 billiún de chúnamh seachtrach ar fáil in 2012. Léiriú ar dhlúthpháirtíocht agus slí chun domhan níos sábháilte agus níos rachmasaí a bhaint amach is ea tiomantas láidir an AE cabhrú le tíortha atá i mbéal forbartha coinneáil leis an gcuid eile den domhan. Tá sé léirithe gur fiú ar mhórán bealaí oibriú i gcomhar le chéile ar leibhéal Eorpach: féadann an AE, de bharr an róil uathúil atá aige, beart a dhéanamh i gcásanna ina dteipfeadh ar thíortha aonair an difear céanna a dhéanamh.

Tá an AE i láthair in 140 tír ar fud an domhain, tá saineolas fairsing agus inchreidteacht agus neodracht uathúil aige maidir le cearta an duine, breathnóireacht ar thoghcháin, rialachas agus réiteach géarchéimeanna. Maireann cláir an AE ar feadh roinnt blianta, rud a fhágann gur féidir cúnamh fadtéarmach agus intuartha a chur ar fáil. Tá fadtéarmacht agus intuarthacht riachtanach le hinbhuanaitheacht a bheith ann i gcúrsaí forbraíochta.

Tá ról ag an AE maidir le gníomhaíochtaí na mbronntóirí éagsúla a chomhordú. De bharr chuma fhornáisiúnta an AE, féadann sé comhchuspóirí uaillmhianacha a shocrú agus réitigh chuimsitheacha a mholadh ar dhúshláin a bhaineann leis an bhforbraíocht dhomhanda. Agus an geilleagar mar atá, is fiú anois níos mó ná riamh an dúbailt a sheachaint. Tá an meáchan criticiúil ag an AE chun freagairt a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

Déantar gníomhaíochtaí forbraíochta an AE a chomhordú lena chuid iarrachtaí i réimsí eile, m.sh. cabhair dhaonnúil, an comhshaol, an tslándáil agus an beartas trádála.

An dlúthpháirtíocht ina gné lárnach de chomhtháthú na hEorpa

Cuid de phróiseas comhtháthaithe na hEorpa a bhí sa chomhar um fhorbairt riamh anall. Rinneadh foráil i gConradh na Róimhe (1957) go gcruthófaí Ciste Eorpach Forbraíochta chun cúnamh a thabhairt do choilíneachtaí agus do chríocha thar lear. Nuair a cuireadh tús leis an díchoilíniú go luath sna 1960í, tháinig na Ballstáit ar chomhaontú cuid den chostas a bhainfeadh leis an tacaíocht a gcaithfí a thabhairt dá n-iarchoilíneachtaí tar éis a neamhspleáchais a roinnt eatarthu. Cuireadh leis an mbeartas sin de réir a chéile chun tuilleadh tíortha i mbéal forbartha san Áise, i Meiriceá Laidineach agus i gcomharsanacht na hEorpa a chur san áireamh.

In 2000 síníodh Comhaontú Cotonou idir an AE agus stáit san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC). Tá an comhaontú trádála agus cúnaimh sin ar an gcomhpháirtíocht is cuimsithí a ceapadh idir tíortha ACC agus an AE go dtí seo agus mairfidh sé go ceann tréimhse 20 bliain. Féachtar ann le dul i gcomhar le chéile chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus cabhrú le tíortha ACC lánpháirtiú i ngeilleagar an domhain.

Fágann ionstraimí airgeadais eile, ar nós na hIonstraime le haghaidh Comhar um Fhorbairt agus na hIonstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht, gur féidir leis an AE coinneáil lena chuid oibre in áiteanna eile ar fud an domhain.

Ina theannta sin, in 2000, gheall an AE go dtacódh sé le spriocanna forbartha na mílaoise de chuid na Náisiún Aontaithe chun an fhíorbhochtaineacht a laghdú faoin mbliain 2015.

Faoi Chonradh Liospóin, cuireadh leis an mbunús dlí atá leis an gcomhar um fhorbairt a thugann an AE. Deirtear go soiléir ann gurb iad laghdú agus díothú na bochtaineachta príomhchuspóirí bheartas an AE maidir le comhar um fhorbairt. Ní mór an sprioc sin a urramú nuair a bhíonn beartais ar féidir leo tionchar a imirt ar thíortha i mbéal forbartha á gcur i bhfeidhm. Fágann sé sin freisin gur beartas ann féin é an beartas forbraíochta.

Rannchuidiú tábhachtach le spriocanna forbartha na mílaoise

Ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe in 2000, chuaigh an AE i bpáirt le ceannairí domhanda chun gealltanas a thabhairt go gcuirfí deireadh leis an mbochtaineacht faoi 2015. Aithníodh ocht gcinn de spriocanna forbartha na mílaoise:

- *deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus leis an ocras;*
- *bunoideachas do chách a bhaint amach;*
- *comhionannas inscne a chur chun cinn;*
- *mortlaíocht leanaí a laghdú;*
- *sláinte máithreacha a fheabhsú;*
- *VEID/SEIF, maláire agus galair eile a chomhrac;*
- *inbhuanaitheacht an chomhshaoil a chinntiú;*
- *comhpháirtíocht dhomhanda a fhorbairt.*

Déanaimid ár seacht ndícheall cur leis an éifeachtúlacht

Tá spriocanna forbartha na mílaoise mar chroílár san obair a dhéanann an tAontas Eorpach i réimse an chomhair um fhorbairt agus is iad na spriocanna sin atá mar phríomhchuspóirí aige. Cuid den dúshlán a ghabhann le baint amach na spriocanna sin is ea an maoiniú a theastaíonn chuige sin a shlógadh. Chun é sin a dhéanamh, eagraíodh Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid na Náisiún Aontaithe um Maoiniú Forbraíochta i Monterrey, Meicsiceo, in 2002, as ar tháinig comhthoil Monterrey, inar gheall cinn stáit nó rialtais go ndéanfaí gach foinse de mhaoiniú forbraíochta (intíre agus idirnáisiúnta, poiblí agus príobháideach) a úsáid, agus go gcuirfí dlús suntasach leis an gcúnamh forbraíochta.

Ó shin i leith, tá athbhreithniú bliantúil déanta ag an AE ar an ranníocaíocht choiteann a thugann sé do thíortha i mbéal forbartha.

Páistí ar an mbóthar idir Keren agus Barentu, an Eiritré. Chabhraigh an AE leis an tír seo teacht chuici féin arís tar éis an chogaidh i dtaobh na teorann leis an Aetóip i 1998.

"Clár don athrú": freagairt an AE ar dhúshláin nua

Chun cuspóirí forbraíochta a bhaint amach, ní mór do bheartais an AE coinneáil bord ar bhord le timpeallacht dhomhanda atá ag síorathrú. Tá dúshláin nua le sárú agus deiseanna nua le tapú ag an AE, idir ghanntanas acmhainní nádúrtha, fhás na ngeilleagar atá ag teacht chun cinn agus iarmhairtí na géarchéime eacnamaíche, agus beidh ar an AE a chomhar um fhorbairt a chur in oiriúint dá réir.

Straitéis is ea an "Clár don athrú", a glacadh in 2011, ina bhféachtar leis an mbochtaineacht a laghdú trí athruithe móra a dhéanamh ar an tslí ina soláthraítear cúnamh ón AE. Tá na hathruithe seo a leanas ina measc.

- Difreáil: cur chuige a bhfuil dhá sprioc leis lena dtugtar cúnamh do na tíortha sin a ndéanfadh cúnamh forbraíochta an difear is mó dóibh agus ar mó an gá acu le cúnamh. Ba cheart an cineál tacaíochta is éifeachtaí a shainiú i bhfianaise staid gach tíre ar leith.
- Gníomhaíochtaí an AE a dhíriú ar thrí earnáil ar a mhéad i ngach tír.
- Comhordú an AE a fheabhsú ar mhaithe le tionchar níos mó agus torthaí níos fearr a bheith ag an gcúnamh forbraíochta.

- Béim a chur ar chearta an duine, ar an daonlathas agus ar dhea-rialachas, i bhfianaise ceachtanna a foghlaimíodh sna hathruithe a thit amach le deireanas i dtuaisceart na hAfraice agus sa Mheánoirthear.

- Méadú ar an tacaíocht a thugtar d'fhás cuimsitheach agus inbhuanaithe an gheilleagair trí bheith níos gníomhaí in earnálacha straitéiseacha ar nós na talmhaíochta agus an fhuinnimh, agus forbairt na hearnála príobháidí a chur chun cinn.

- An úsáid is fearr is féidir a bhaint as comhtháthú beartais le cinntiú go gcuirtear gnéithe forbraíochta san áireamh i ngach réimse de ghníomhaíocht an AE. Cuirfidh sé sin ar chumas an AE díriú ar an nasc idir an fhorbairt agus an trádáil, mar shampla.

Nuair a bhítear ag súil le go leor, bíonn gá dul i bhfiontar

Thit an céatadán de dhaoine atá fíorbhocht i dtíortha i mbéal forbartha ó 46 % go 27 % idir 1990 agus 2005, ach tá geall le 1.2 billiún duine ar fud an domhain ag maireachtáil fós faoi thairseach na bochtaineachta mar atá leagtha síos go hidirnáisiúnta, sin $1.25 sa lá. Léiríonn na figiúirí seo an dul chun cinn atá déanta, ar údar misnigh é, agus scála na ndúshlán atá fúinn fós.

Breis agus 10 mbliana tar éis spriocanna forbartha na mílaoise a ghlacadh, is iomaí tír atá tar éis éalú ón mbochtaineacht agus ón gcoimhlint. Tá cuid de na tíortha sin ina mbronntóirí stuama idirnáisiúnta agus ina ngeilleagair dhinimiciúla anois. Ar an drochuair, tá cuid eile acu tar éis sleamhnú ar ais isteach i mbochtaineacht, i gcoimhlint agus i neamhshláine níos measa ná riamh agus roinnt tíortha eile a shéanann cearta bunúsacha ar a saoránaigh go fóill.

Ní hí an bhochtaineacht an t-aon cheist atá idir chamáin. Chruthaigh na héirithe amach a tharla le deireanas, i gceantar na Meánmhara, go háirithe, go gcaithfidh an fhorbairt agus an chosaint do chearta agus do shaoirsí an duine tarlú in éineacht. Tá na saincheisteanna sin ar fad á gcomhtháthú ag an AE i ngach gné dá bheartas forbraíochta.

Tugann an AE aird ar leith ar staid na dtíortha is leochailí. Bronntar beagnach leath den chúnamh forbraíochta ar stáit leochaileacha. I dtíortha atá tugtha do ghéarchéimeanna, ina maireann na pobail is leochailí ar domhan, déanfar an cúnamh a dhíriú níos mó de réir a chéile ar chothú na síochána agus ar chothú stáit le go mbeidh an cúnamh sin ar cháilíocht níos fearr agus in ann an difear is mó is féidir a dhéanamh. I gcásanna iar-ghéarchéime, tar éis coimhlintí nó tubaistí nádúrtha, iarrfar ar gach bronntóir a chinntiú go dtarlóidh athrú rianúil ó chúnamh daonnúil go cúnamh forbraíochta inbhuanaithe agus go ndéanfar comhordú níos fearr ar mhaithe le cobhsaíocht. Páirtí tábhachtach is ea an AE sa "bheart nua" seo do stáit leochaileacha.

Gníomhaíocht chomhtháite chun daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht

Tá an beartas forbraíochta nasctha le mórcheisteanna domhanda atá an AE ag iarraidh a réiteach i gcomhar lena chomhpháirtithe. Ina measc sin tá an t-athrú aeráide agus imní faoin tslándáil, m.sh. an sceimhlitheoireacht nó an gháinneáil ar dhaoine, an imirce agus slándáil fuinnimh: féadann an comhar um fhorbairt rannchuidiú go mór le hobair an AE ar fud an domhain.

Tá an obair a dhéanann an AE i gcomhar le tíortha i mbéal forbartha tábhachtach freisin maidir leis na cuspóirí fáis atá socraithe ag an AE do na blianta amach romhainn a bhaint amach. Tá an obair a dhéanann sé i gcomhar le tíortha i mbéal forbartha agus le geilleagair atá ag teacht chun cinn tábhachtach chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú, mar atá leagtha amach sa straitéis Eoraip 2020. Ach an rathúnas a threisiú, agus margaí oscailte agus cothroma a chur chun cinn ar fud an domhain, chruthófaí staid a rachadh chun tairbhe do gheilleagair na dtíortha comhpháirtíochta agus do gheilleagar an AE araon.

Ní mór an t-airgead a chaitheamh go tíosach. Is é aidhm an AE bearta a bheidh comhordaithe ar leibhéal an AE a chur chun cinn chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na cistí atá ar fáil.

Tá comhar an AE leis an tSúdáin dírithe ar fhaoiseamh, athshlánú agus forbairt a nascadh, faoi mar a dhéantar sa champa seo do dhaoine easáitithe in Darfur Thuaidh.

An chaoi a dtéann an AE ina bhun sin

Cur chuige saincheaptha

Úsáideann an AE straitéisí éagsúla le chéile chun cúnamh a chur ar fáil do na tíortha sin is mó a bhfuil gá acu leis. Cuirtear an cúnamh ar fáil go príomha trí thionscadail, trí dheontais agus trí chonarthaí, ach cuirtear cuid de ar fáil, leis, trí thacaíocht earnála agus tacaíocht bhuiséadach.

- **Tionscadail, deontais agus conarthaí**
  Is éard is tionscadal ann sraith gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích chun cuspóirí sonracha a bhaint amach faoi thréimhse shainithe ama agus faoi bhuiséad áirithe. Is éard is deontais ann ranníocaíochtaí le heagraíochtaí nó le tionscadail atá á reáchtáil acu. Bronntar deontais ar na hiarrthóirí is fearr a n-éiríonn leo i ngairmeacha ar thograí. Bronntar conarthaí trí nósanna imeachta tairisceana chun seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha a cheannach.

- **Tacaíocht bhuiséadach**
  Is é atá i gceist le tacaíocht bhuiséadach airgead a aistrítear chuig státchiste náisiúnta na tíre comhpháirtíochta, agus idirphlé dian faoi chúrsaí beartais in éineacht. Déantar bearta chun tionchar na gcistí sin a mheasúnú agus a fheabhsú. Bíonn an tacaíocht bhuiséadach bunaithe ar chomhpháirtíochtaí agus ar fhreagracht fhrithpháirteach agus is uirlis thábhachtach é chun straitéisí forbraíochta na dtíortha comhpháirtíochta a mhaoiniú. Cuirtear soláthar an chúnaimh in oiriúint do na riachtanais atá aitheanta ag tír áirithe agus cuirtear béim láidir ar straitéisí a bheith faoi úinéireacht náisiúnta.

Chun leas a bhaint as tacaíocht bhuiséadach, ní mór do thíortha a thaispeáint go bhfuil siad tiomanta do chearta an duine, don daonlathas agus do riail an dlí, agus critéir dhiana, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais phoiblí, a chomhlíonadh.

- **Tacaíocht earnála**
  Tá mórchuid den mhaoiniú forbraíochta a chuireann an AE ar fáil dírithe ar earnálacha ar leith i dtíortha comhpháirtíochta, m.sh. fuinneamh, talmhaíocht nó oideachas. Is é an chaoi a dtacaítear le hearnálacha breis airgid a chur ar fáil do chláir atá á reáchtáil ag na tíortha comhpháirtíochta. Is féidir maoiniú a chur ar fáil mar thacaíocht bhuiséadach le haghaidh earnálacha, mar dheontais agus conarthaí nó mar chomhthiomsú acmhainní ó bhronntóirí difriúla.

Thairbhigh Lida agus Alina ó Cazanesti sa Mholdáiv de thacaíocht a thug an AE do sheirbhísí sóisialta na tíre sin.

Cur chuige cothrománach agus ingearach

Bíonn raon feidhme de réir limistéir nó raon feidhme de réir téama leis na meicníochtaí a úsáideann an AE le forbraíocht a mhaoiniú. I gcás na tréimhse 2014–20, tá trí cinn d'ionstraimí bunaithe ar limistéir gheografacha agus trí cinn d'ionstraimí bunaithe ar théamaí ann ina leagtar síos na limistéir agus na bealaí ina gcaithfear an t-airgead.

Is ó ionstraimí bunaithe ar limistéir gheografacha a thagann formhór an mhaoinithe don fhorbraíocht.

- Is é Ciste Forbraíochta na hEorpa an phríomhionstraim trína gcuirtear cúnamh ar fáil do stáit san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) agus do thíortha agus do chríocha thar lear.

- Clúdaíonn an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt an comhar le Meiriceá Laidineach, leis an Áise, leis an Áise láir, leis an Meánoirthear agus le deisceart na hAfraice. Cuimsíonn sí cúig chlár de réir téama atá dírithe ar dhúshláin dhomhanda: cosaint an chomhshaoil, róil na ngníomhairí neamhstáit, slándáil bia, imirce, agus forbairt dhaonna agus shóisialta.

- Is tríd an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht a chuirtear airgead ar fáil le haghaidh comhair leis na tíortha comharsanacha eile.

Déantar na huirlisí sin a chomhlánú le hionstraimí a bhfuil fócas téamach acu, agus atá ar fáil ag na tíortha ar fad atá i mbéal forbartha.

- An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Cearta an Duine: féachann sí le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, agus an daonlathas agus riail an dlí a chur chun cinn.

- An Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta: neartaíonn sí an tslándáil i gcásanna géarchéime agus tacaíonn sí leis an trasdul chuig an gcobhsaíocht.

- An Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach: cuireann sí an tsábháilteacht núicléach, an chosaint i gcoinne na radaíochta agus an ullmhacht d'éigeandálaí chun cinn.

Is é a dhéantar sna cláir atá bunaithe ar théamaí go spreagtar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus údaráis áitiúla chun a bheith rannpháirteach sa chomhar um fhorbairt.

Níos fearr, níos tapa, níos mó: a éifeachtaí atá an cúnamh agus an fhorbairt

Is é atá leagtha amach sa chomhthoil Eorpach um fhorbairt creat de chomhphrionsabail a fhágann gur féidir leis an AE agus a Bhallstáit beartais forbraíochta a chur chun feidhme i meon na comhlántachta agus na héifeachtúlachta.

Déanann an AE monatóireacht ar cháilíocht an chúnaimh i bhfianaise spriocanna nithiúla a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta i nDearbhú Pháras (2005), i gClár Oibre Accra don Ghníomhaíocht (2008) agus a leasaíodh ag fóram ardleibhéil Busan, as ar tháinig an Chomhpháirtíocht maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach (2011).

Mar bhall den Choiste Cúnaimh Forbartha den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD-DAC), bhí an AE gníomhach i bhfóraim idirnáisiúnta chun cur leis an tionchar a bhíonn ag an gcomhar um fhorbairt. Tá spriocanna uaillmhianacha socraithe aige chun cúnamh forbraíochta domhanda a dhéanamh níos éifeachtaí agus tá athchóiriú déanta aige ar an tslí ina gcuirtear cúnamh ar fáil chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Cor cinniúnach maidir le comhar domhanda um fhorbairt ab ea an Ceathrú Fóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht Cabhrach in 2011 in Busan sa Chóiré Theas. Tháinig rannpháirtithe ó bhreis agus 160 rialtas, agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ón tsochaí shibhialta agus ón earnáil phríobháideach ar chomhaontú faoi phrionsabail, spriocanna agus gealltanais áirithe chun an comhar um fhorbairt a dhéanamh níos éifeachtaí; athrú ón bhfócas ar "chúnamh as féin" go cur chuige níos cuimsithí a mbeadh gach gníomhaí forbraíochta rannpháirteach ann.

Chinn an AE díriú ar ghníomhaíochtaí leantacha i dtaca le dhá thionscnamh.

- Ráthaíocht Trédhearcachta an AE: féachtar le faisnéis idirnáisiúnta inchomparáide ar chúnamh a sholáthar, faisnéis a bheidh cothrom le dáta agus so-aimsithe. Chun é sin a bhaint amach, tá comhchaighdeán a aontaíodh ar leibhéal domhanda á chur chun feidhme cheana féin ag an gCoimisiún Eorpach agus ag roinnt tíortha san AE, comhchaighdeán faoin tslí ina bhfoilsítear faisnéis faoi chúnamh, rud a chuireann faisnéis thráthúil mhionsonraithe ar fáil maidir leis na háiteanna agus leis an gcaoi a gcaitear ranníocaíochtaí cúnaimh.

- Comhphleanáil: féachtar le freagairt Eorpach choiteann a thabhairt ar na pleananna forbraíochta a bhíonn ag tíortha comhpháirtíochta, roinnt an tsaothair san áireamh. Is é an AE agus a Bhallstáit le chéile a shainíonn na bronntóirí a oibreoidh sna hearnálacha ar leith, rud a chuireann le héifeachtacht agus a thugann torthaí níos fearr. Glacann an AE ról an chomhordaitheora agus an éascaitheora air féin. Tá tús curtha ag an AE le comhphleanáil i mbreis agus 20 tír agus tá i gceist aige an chomhphleanáil a chur i bhfeidhm i 40 tír chomhpháirtíochta, nó geall leis, a fhágann go gclúdófar breis agus 60 % den chúnamh is féidir a phleanáil do thíortha faoi bhainistiú institiúidí an AE.

An chéad chéim eile sa phróiseas idirnáisiúnta seo ná an chéad chruinniú ardleibhéil den Chomhpháirtíocht Dhomhanda maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach a bheidh ar siúl i Meicsiceo in Aibreán 2014. Déanfar athbhreithniú ar na gealltanais ag an gcruinniú sin agus féachfar le dúshláin a réiteach agus dlús a chur leis an gcur chun feidhme.

Athneartú ar a chéile is ea iad beartas forbraíochta an AE agus comhar déthaobhach a Bhallstát le tíortha i mbéal forbartha. Is iomaí beartas de chuid an AE a mbíonn tionchar aige ar thíortha i mbéal forbartha agus déantar iad a chomhordú i gcomhar leis an mbeartas forbraíochta, dá bhrí sin.

Is í Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Fhorbraíocht agus um Chomhar — EuropeAid — atá freagrach as beartas an AE maidir le comhar um fhorbairt a shainiú agus as cúnamh a chur chun feidhme i dtíortha comhpháirtíochta. Chun an comhtháthú idir an caidreamh seachtrach agus an comhar um fhorbairt a neartú, déanann an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a dícheall gach ceann dá beartais agus dá bearta a chur i gcomhréir leis na spriocanna forbraíochta.

Tá 140 toscaireacht agus oifig ag an AE ar fud an domhain. Déanann siad na cláir forbraíochta agus comhair a riar agus is ionadaithe iad thar ceann an AE sna tíortha sin. Tar éis coimhlinte nó tubaiste nádúrtha, mar shampla, féadann toscaireacht áitiúil an AE tosaíochtaí cúnaimh a athbhreithniú agus freagairt a thabhairt ar riachtanais phráinneacha.

Oibríonn an AE le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun beartais a shainiú, cúnamh a sheachadadh agus monatóireacht a dhéanamh air. Is comhlánú iad líonraí agus saineolas na n-eagraíochtaí sin ar acmhainní an AE. Ar na príomheagraíochtaí agus na príomhghrúpálacha tá na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, an Banc Domhanda, an G8 agus an G20. Bíonn idirphlé rialta agus teagmháil idir an AE agus bronntóirí tábhachtacha traidisiúnta eile (m.sh. na Stáit Aontaithe, an tSeapáin agus an Chóiré), agus, níos mó ná riamh, idir an AE agus geilleagair atá ag teacht chun cinn.

Tá an AE i mbun clár chun sláinte atáirgthe agus sláinte leanaí a chur chun cinn i gcampaí teifeach. Seo sampla ón Téalainn.

Ról na sochaí sibhialta

Comhpháirtí tábhachtach a bhíonn ag na bronntóirí i dtíortha i mbéal forbartha is ea an tsochaí shibhialta. D'fhéadfaí eagraíochtaí neamhrialtasacha, cumainn lucht gairme, comhpháirtithe sóisialta, ollscoileanna agus na meáin, mar shampla, a bheith ar na gníomhaithe neamhstáit. Is gnách dóibh oibriú as lámh na bpobal áitiúil agus féadann siad cabhrú le bronntóirí riachtanais na ndaoine a shásamh. Dá bhrí sin, tá siad ag glacadh níos mó freagrachta orthu féin i gcónaí as straitéisí agus pleanáil a mhúnlú.

Ach ról níos láidre a bheith ag an tsochaí shibhialta san fhorbairt, is mó úinéireacht áitiúil a bheidh ann.

An méid a dhéanann an AE

Ó bhriathar go beart

De réir mar a thagaimid níos gaire do 2015, bliain a sainíodh mar spriocbhliain do spriocanna forbartha na mílaoise, is léir ón dul chun cinn go dtí seo an scála agus an luas forbraíochta a baineadh amach le 12 bhliain anuas.

De réir tuarascála ó na Náisiúin Aontaithe in Iúil 2012, tá roinnt spriocanna tábhachtacha comhlíonta cheana féin:

- laghdaíodh an fhíorbhochtaineacht ina leath agus tá sí ag dul i laghad i ngach réigiún;
- laghdaíodh ina leath an céatadán de dhaoine nach bhfuil teacht acu ar fhoinsí leasaithe uisce;
- tá feabhas tagtha ar an saol atá ag le cois 200 milliún duine a chónaíonn i slumaí — dhá oiread sprioc 2020;
- tá an oiread céanna cailíní agus buachaillí cláraithe anois i mbunscoileanna;
- tá níos mó dul chun cinn ná riamh á dhéanamh i dtaca le rátaí mortlaíochta leanaí agus máithreacha.

Ní beag atá déanta ag an AE chun na torthaí sin a bhaint amach. Tá dul chun cinn inbhraite le feiceáil de thoradh a chuid tacaíochta, i réimsí amhail infheistíocht i mbonneagar sláinte, oideachais agus bóithre agus maoiniú na talmhaíochta. Ó 2000 i leith, chuidigh tacaíocht an AE chun os cionn 13 mhilliún páiste a chlárú i mbunoideachas agus chun vasaíniú in aghaidh na bruitíní a chur ar fáil do bhreis agus 18 milliún páiste. Bhí cúnamh forbraíochta an AE thar a bheith tábhachtach le go mbeadh teacht ag na milliúin teaghlach ar uisce agus ar shláintíocht. Tá dul chun cinn le déanamh fós i dtaobh spriocanna eile, m.sh. an t-ocras agus an tsláintíocht. Chinn an AE, dá bhrí sin, i Meán Fómhair 2011, €1 billiún breise a leithdháileadh chun dul chun cinn a dhéanamh i dtaca leis na cuspóirí sin i gcuid de na tíortha is boichte i ngrúpa ACC.

Tá an AE, agus a Bhallstáit le chéile, ar an mbronntóir is mó d'fhuinneamh ar domhan agus tá sé tar éis cabhrú leis na milliúin duine cheana féin teacht ar fhuinneamh inbhuanaithe. Lena chois sin, is é an AE an bronntóir is mó de thacaíocht airgeadais i leith aeráide do thíortha i mbéal forbartha. Le cabhair an AE caomhnaítear an bhithéagsúlacht ar fud an domhain, cosnaítear tíortha in aghaidh tubaistí nádúrtha agus cosnaítear na foraoisí, mar shampla, trí lománaíocht neamhdhleathach a throid.

Tacaíocht shaincheaptha

Cuirtear an tacaíocht a thugann an AE in oiriúint do riachtanais gach réimse ar leith den chomhar um fhorbairt. Tugtar tacaíocht do chláir agus do thionscnaimh a théann chun tairbhe réigiún seachas tíortha nó earnálacha aonair. Slí éifeachtach is ea an comhar réigiúnach chun dul i ngleic le dúshláin a théann thar theorainneacha, m.sh. an t-athrú aeráide agus an trádáil. Cuirtear an cás mar atá sé go háitiúil san áireamh nuair a bhíonn tionscnaimh ghinearálta de réir téama á gcur i bhfeidhm.

Tíortha ACC is ea ceithre cinn as gach cúig cinn de na tíortha is lú forbairt ar domhan, agus tá a bhformhór siúd san Afraic. As an gCiste Eorpach Forbraíochta a thagann formhór mór an mhaoinithe a thugann an AE don réigiún sin: cuireadh €22.7 billiún ar fáil sa tréimhse 2008–13.

Cuireann an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an Afraic agus an AE creat ar fáil le haghaidh comhair idir an dá mhór-roinn. In 2007, tháinig na comhpháirtithe ar chomhaontú faoi chomhstraitéis idir an Afraic agus an AE, straitéis inar sainíodh clocha mílte i gcás gach earnála. Tá an straitéis sin ag tacú go mór leis an dul chun cinn maidir le spriocanna forbartha na mílaoise, trí spriocanna intomhaiste a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Sampla amháin is ea na spriocanna nithiúla a bhfuil na comhpháirtithe Eorpacha agus Afracacha ag leanúint dóibh, chun seirbhísí iontaofa, slána, inacmhainne fuinnimh a sholáthar don dá mhór-roinn faoin mbliain 2020, seirbhísí nach ndéanfaidh dochar don timpeallacht.

Tionscadal "bia ar son oibre" i gceantar Nairobi na Céinia, ina gcuirtear uisce ar fáil do bheostoc agus do bharra.

Tá an sprioc maidir le bunoideachas do chách bainte amach ag an Éigipt.

Tá titim shuntasach tagtha ar na rátaí bochtaineachta san Áise i ngeall ar an bhforbairt ghasta atá ag tarlú ar an mór-roinn sin. Ach is sa mhór-roinn chéanna a bhfuil cónaí ar dhá thrian de na daoine is boichte ar domhan, mar sin féin. Is léir uaidh sin go bhfuil gá le cur chuige difreáilte, ina ndéanfaí idirdhealú idir tíortha bochta agus geilleagair atá ag teacht chun cinn. Sa chaidreamh a bhíonn ag an AE le geilleagair atá ag teacht chun cinn, tá sé ag tabhairt droim láimhe de réir a chéile dá ról mar bhronntóir cúnaimh, agus, ina ionad sin, tá sé ag glacadh róil mar chomhpháirtí straitéiseach. Sa cháil sin, bhí ról nach beag aige sa dul chun cinn a rinneadh go dtí seo. Cuireadh méid táscach ar fiú €775 mhilliún é i leataobh do chomhar réigiúnach leis an Áise le linn na tréimhse 2007–13.

CÚNAMH OIFIGIÚIL FORBRAÍOCHTA (INA BHILLIÚIN €)



Ba é an AE an bronntóir is mó de chúnamh ar domhan in 2012. Ba lú de bheagán an méid iomlán cúnaimh a cuireadh ar fáil in 2012 ná in 2011, toisc go raibh an méadú ar chúnamh i dtíortha áirithe ina chúiteamh ar an laghdú a tharla i dtíortha eile de dheasca na géarchéime.

Gné thábhachtach eile d'obair an Aontais lena chomharsana is ea an fócas ar chomhar seachas ar chúnamh. Chun cur le rathúnas, slándáil agus cobhsaíocht lastall de theorainneacha an AE, cuireann beartas comharsanachta na hEorpa cúnamh ar fáil do thíortha comharsanacha. Cuireadh geall le €12 billiún ar fáil lena aghaidh sin sa tréimhse 2007–13.

I bhfianaise éirí amach na ndaoine i réigiún na Meánmhara, tá cur chuige nua á chur i bhfeidhm ag an AE chun tacú leis an éileamh ar rannpháirtíocht pholaitiúil agus ar shaoirse. Lena chois sin, cuireann an AE mórchuid cúnaimh ar fáil do thíortha leochaileacha (50 % de bhuiséad cúnaimh iomlán an AE). I gcás éigeandála, tugtar tús áite do riachtanais phráinneacha, cé go ndéantar iarracht, ag an am céanna, leanúnachas a chinntiú idir an fhreagairt dhaonnúil agus an fhorbairt inbhuanaithe.

Is é an AE an príomhbhronntóir agus an dara hinfheisteoir eachtrach is mó i Meiriceá Laidineach agus an dara comhpháirtí trádála is mó atá ag an réigiún sin. D'éirigh leis an gcomhpháirtíocht sin dul chun cinn a dhéanamh maidir le spriocanna forbartha na mílaoise sa réigiún, go háirithe i gcás an teacht atá ag daoine ar bhunoideachas. Ar na dúshláin sin atá fós le sárú tá éagothroime, easnamh sa bhonneagar agus teacht ar uisce óil. Is ionann agus €500 milliún ar an meán an maoiniú a chuireann an AE ar fáil do Mheiriceá Laidineach. Dírítear an tacaíocht sin ar chomhtháthú sóisialta, comhtháthú réigiúnach, dea-rialachas agus forbairt inbhuanaithe.

Cabhrú le daoine cabhrú leo féin

Déanann an AE idirghabháil nuair is gá sin, agus nuair is féidir leis difríocht a dhéanamh, i réimsí éagsúla, m.sh. slándáil bia agus dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol, gnéithe sóisialta agus cearta an duine.

Rialachas daonlathach — Seo ceann de na tosaíochtaí maidir leis an gcomhar um fhorbairt. Le blianta beaga anuas, d'éirigh leis an AE dul i mbun idirphlé beartais le tíortha comhpháirtíochta, saintacaíocht a chur ar fáil d'earnálacha, agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta a eagrú ar mhaithe leis an rialachas a fheabhsú. In 2010 amháin, cuireadh €1.5 billiún ó na hacmhainní forbraíochta atá faoi chúram an AE ar fáil do ghníomhaíochtaí a thacaíonn le rialachas.

Tá tionscadal do chaomhnú na bithéagsúlachta á mhaoiniú ag an AE in Anaclann Foraoiseachta Gola i Siarra Leone, atá ar cheann de na tíortha is lú forbairt ar domhan.

Talmhaíocht agus sábháilteacht an tsoláthair bia — Tosaíocht de chuid an AE is ea é deireadh a chur le bochtaineacht agus ocras. Cuireann an AE €600 milliún ar fáil gach bliain do dhaoine ar fud an domhain le go mbeidh teacht acu ar bhia bunúsach. Forlíonadh is ea é sin ar an gcúnamh bia daonnúil a thugtar le linn géarchéimeanna. Tá breis agus 50 milliún duine tar éis tairbhiú de Chiste Fóirithinte Bia an AE, ar fiú €1 billiún é, agus a seoladh in 2009. Chuir an AE síolta, uirlisí, aistrithe airgid agus bia ar fáil do thart ar 24 mhilliún duine le linn na tréimhse 2004–10 chun cabhrú leo teacht as an mbochtaineacht. D'fhéadfaí feirmeoirí beaga a dhéanamh níos táirgiúla agus cur leis an teacht aniar atá i bpobail tuaithe ach samhail talmhaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn, samhail a oireann do chás na dtíortha sin atá i mbéal forbartha.

Trádáil — Chabhraigh an trádáil le 10 mbliana anuas chun na milliúin duine a thabhairt slán as an mbochtaineacht. Is é an AE an soláthraí is mó de chúnamh trádála agus is aige atá na margaí is oscailte ar domhan do thíortha i mbéal forbartha. Faoi Chóras na bhFabhar Ginearálaithe ceadaítear taraifí a laghdú ar earraí ó 176 tír agus críoch i mbéal forbartha. Cuireann an AE cúnamh ar fáil chun cabhrú le tíortha ACC iad féin a lánpháirtiú i ngeilleagar an domhain. Is féidir geilleagair áitiúla agus fás na ngeilleagar a threisiú trí chomhaontuithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch leis an AE. Téann na comhaontuithe sin níos faide ná comhaontuithe saorthrádála toisc go gcuireann siad san áireamh comhthéacs socheacnamaíoch na dtíortha sin agus go gcabhraítear leo na comhaontuithe a chur i bhfeidhm. Osclaíonn siad margaí an AE agus tugann siad suas le 25 bliana do thíortha ACC sula gcaithfidh siad glacadh le hallmhairí ón AE.

Fás bunaithe ar thrádáil do na tíortha is mó atá i ngátar

Chun go mbeidh na tíortha is lú forbairt san áireamh sa chóras idirnáisiúnta trádála, díríonn an AE go speisialta ar a riachtanais siúd ina straitéis "Cúnamh don trádáil". Chabhraigh na hiarrachtaí sin chun difríocht a dhéanamh dáiríre: idir 2000 agus 2008, mhéadaigh an OTI in aghaidh an duine sna tíortha sin ó $325 go breis agus $625. In 2012, chuir an AE pleananna síos chun go bhféadfadh na tíortha is lú forbairt buntáiste iomlán a bhaint as margaí oscailte. Cabhróidh sé leo dul i ngleic le bacainní trádála, caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus a dtimpeallacht ghnó a uasghrádú.

Uisce agus fuinneamh — Ó 2004 i leith, cuireadh uisce óil ar fáil do bhreis agus 70 milliún duine i dtíortha i mbéal forbartha, agus áiseanna sláintíochta do 24.5 milliún duine. Cosnaíonn cláir uisce agus sláintíochta an AE €400 milliún, nach mór, sa bhliain. Cabhraíonn siad chun bonneagar a thógáil do chórais uisce óil agus fuíolluisce agus cuireann siad sláintíocht agus sláinteachas bunúsach ar fáil.

Toisc gur dúshlán práinneach domhanda é an easpa rochtana ar fhuinneamh, tá an AE ag infheistiú mórchuid airgid i rochtain ar fhuinneamh, in inbhuanaitheacht agus i slándáil i dtíortha i mbéal forbartha. In 2010 amháin, gheall sé €319.49 milliún san iomlán do ghiniúint agus do sholáthar fuinnimh. Tá toradh le brath cheana féin ar na hiarrachtaí sin. I dtíortha ACC, inar géire an fhadhb, tugadh rochtain ar sheirbhísí nua-aimseartha fuinnimh do 15 mhilliún duine idir 2007 agus 2011.

Páistí ag scuabadh a gcuid fiacla i dtionscadal cúraim sláinte de chuid an AE i Nicearagua, Meiriceá Láir.

CÚNAMH AE Á DHÁILEADH AR BHONN RÉIGIÚNACH AR THÍORTHA I MBÉAL FORBARTHA IN 2012



Gealltanais ina milliúin €

Fuinneamh inbhuanaithe do chách

Tar éis do na Náisiúin Aontaithe tionscnamh a sheoladh chun fuinneamh inbhuanaithe a bhaint amach do chách, thug an AE tús áite don sprioc seo ina bheartas forbraíochta. Socraíodh trí chuspóir le cur i gcrích faoi 2030:

- *rochtain do chách ar sheirbhísí fuinnimh nua-aimseartha;*
- *an ráta feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi dhó;*
- *cion an fhuinnimh in-athnuaite sa mheascán fuinnimh dhomhanda a dhúbailt.*

Ag Cruinniú Mullaigh an AE um Fhuinneamh Inbhuanaithe do Chách in 2012, d'fhógair an tUachtarán José Manuel Barroso go gcabhródh an AE le tíortha i mbéal forbartha rochtain ar fhuinneamh a chur ar fáil do 500 milliún duine breise faoi 2030.

An comhshaol agus acmhainní nádúrtha — Is iad na tíortha is boichte ar domhan na tíortha is leochailí i leith guaiseanna comhshaoil, sin le rá i leith éifeachtaí an athraithe aeráide. Bíonn tionchar an-mhór ag ídiú acmhainní nádúrtha orthu. Is é an AE an tathantóir idirnáisiúnta is mó d'fhorbairt inbhuanaithe agus tá gach ceann de na mór-chomhaontuithe comhshaoil iltaobhacha daingnithe aige. Tá straitéis á cur chun feidhme aige chun díriú ar bhainistíocht acmhainní nádúrtha mar chuid dá bheartas um laghdú na bochtaineachta. Rannchuidigh an straitéis sin go díreach le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil a chinntiú, rud atá ar cheann de spriocanna forbartha na mílaoise. I measc na ngnéithe sa réimse seo a ndearnadh dul chun cinn ina leith bhí an ráta dífhoraoisithe a mhaolú, uasghrádú a dhéanamh ar shlumaí agus rochtain níos fearr a thabhairt ar uisce óil sábháilte. Ach tá dúshláin mhóra fós le sárú i réimse an chomhshaoil. Cuireadh €517 milliún i leataobh don straitéis seo le haghaidh na tréimhse 2011–13.

Soláthar uisce i Nua-Ghuine Phapua. Fadhb is ea é i gcónaí i dtíortha i mbéal forbartha teacht ar uisce glan óil.

Borradh faoi shábháilteacht an tsoláthair bia i Háití

Tá Háití ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan. Nuair a tharla crith talún ollmhór ann in Eanáir 2010, chuir an tubaiste leis an ngéarchéim a bhí sa tír cheana ó thaobh soláthar bia de. Bhí tionchar díobhálach ag praghsanna arda iompórtála, agus ag an scrios a rinne spéirlíngí éagsúla ar earnáil na talmhaíochta, ar shábháilteacht an tsoláthair bia.

Maolaíodh an cás sin nuair a cuireadh tús le tionscadal atá á mhaoiniú ag an AE — tionscadal atá dírithe ar 300 000 teaghlach tuaithe i limistéar thoir thuaidh Háití. Ceapadh gníomhaíochtaí chun an talmhaíocht a mhéadú agus a éagsúlú agus chun bainistíocht uisce agus an dobharshaothrú a fheabhsú.

Rinne an tionscnamh difear an-mhór do mhuintir na háite. Chonacthas ardú mór ar tháirgeacht agus ar chaighdeáin mhaireachtála nuair a tógadh 692 umar uisce agus 2 550 stór gráin.

"Má bhíonn triomach ann agus mura bhfuil taiscumar agat, cailltear an uile rud a fásadh," a mhíníonn Gédéon Richè, a thairbhigh den tionscadal. "A bhuíochas don taiscumar tá an táirgeadh go maith anois, tá glasraí agam le hithe agus is mór an chabhair é sin do mo theaghlach."

Thug an AE €9.6 milliún de mhaoiniú don tionscadal sin sa tréimhse 2009–11. Cuireadh an tionscadal sin chun feidhme i gcomhar le hEagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe.

Cóir riachtanach do naíonáin agus a máithreacha sa Chasacstáin

Tar éis don Chasacstáin neamhspleáchas a bhaint amach i 1991, chuaigh na seirbhísí sláinte chun donais de bharr laghdú mór sna cistí poiblí. Cailltear na mílte naíonán agus máthair gach bliain dá bharr sin, cheal cúraim chuí, agus is ceist thromchúiseach i gcónaí í sláinte na máthar.

Chun cúram ardchaighdeáin réamhbhreithe agus leanaí a chur chun cinn sa tír, chinn an AE cabhair spriocdhírithe a chur ar fáil. Thacaigh sé le tionscadal a chabhraigh le hAireacht Sláinte na Casacstáine straitéis náisiúnta ar shláinte máithreacha agus leanaí a fhorbairt. Bhí teaghlaigh, pobail agus soláthraithe cúraim sláinte san áireamh sa phróiseas athchóirithe. Tugadh isteach treoirlínte maidir leis na riochtaí is coitianta agus na haimhréidheanna a ghabhann leo. Cuireadh oiliúint agus comhairle ar sholáthraithe sláinte.

Chruthaigh an cur chuige sin go maith. Cuireadh feabhas ar sheirbhísí sláinte máithreacha agus leanaí agus cuireadh ar bhonn níos éifeachtúla iad; neartaíodh cumas na seirbhísí cúraim sláinte tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh orthu. Ghlac teaghlaigh agus pobail páirt níos gníomhaí i bhfeabhsú sláinte máithreacha agus leanaí. "Buntáiste amháin a ghabhann le bainistíocht chomhtháite ar bhreoiteachtaí leanaí ná go múineann sé dúinn conas an t-achar idir an dochtúir agus an t-othar a laghdú," a mheabhraíonn Polina Slugina. Is péidiatraí í Polina i gceantar Osakarov.

Tá spriocanna forbartha na mílaoise maidir le mortlaíocht leanaí a laghdú agus sláinte máithreacha a fheabhsú le baint amach fós ag an gCasacstáin.

CÚNAMH AE Á DHÁILEADH AR EARNÁLACHA I DTÍORTHA I MBÉAL FORBARTHA IN 2012



Micreamhaoiniú don Afraic: iasachtaí beaga, tionchar mór

Fágann micreamhaoiniú gur fusa é ag daoine bochta maoiniú a fháil. Chun gur féidir le hinstitiúidí micreamhaoiniúcháin an gealladh ar fad atá fúthu mar uirlis forbraíochta eacnamaíche don Afraic a chomhlíonadh, ní mór dóibh a gcaighdeáin maidir le bainistíocht riosca agus trédhearcacht a thabhairt cothrom le dáta. Chuir an AE tacaíocht ar fáil don chlár forbartha acmhainní Smartrac chun cabhrú le hinstitiúidí micreamhaoiniúcháin san Afraic cur lena gcuid scileanna bainistíochta agus monatóireachta rioscaí.

Seasann an t-acrainm Smartrac do na nithe seo a leanas: inbhuanaitheacht, bainistíocht, cuntasacht, riosca, trédhearcacht, dearbhú cáilíochta agus comhlíonadh. Féachadh sa chlár seo le rochtain ar chreidmheas a fheabhsú trí sholáthraithe seirbhísí áitiúla micreamhaoiniúcháin a neartú trí fhios gnó a aistriú chúcu. Cuireadh uirlisí bainistíochta riosca ar fáil d'institiúidí agus do sholáthraithe seirbhísí áitiúla micreamhaoiniúcháin.

Bhí rath mór ar an bhfiontar seo. Thairbhigh geall le 700 000 cliant ar ioncam íseal de sheirbhísí na 12 institiúid micreamhaoiniúcháin a fuair tacaíocht ón gclár. Bhí rátaí fáis idir 4 % agus 160 % ag na soláthraithe seirbhíse sin a fuair tacaíocht.

Cuimsíodh Angóla, an Ghaimbia, Gána, an Chéinia, an Mhaláiv, an Nigéir, Ruanda agus an Tansáin sa tionscadal sin. Thug an AE ranníocaíocht €348 000 don chlár idir 2006 agus 2009. I láthair na huaire, tá an comhar idir an tAontas Eorpach agus tíortha ACC i réimse an mhicreamhaoiniúcháin cuimsithe faoi "chlár an AE-ACC maidir le micreamhaoiniú" (2010–14). Gníomhaíonn na comhpháirtithe ar mhaithe le córais airgeadais chuimsitheacha a fhorbairt a bheidh oiriúnach do riachtanais daoine bochta, chun fás a chothú agus an rachmas a dháileadh ar shlí níos cothroime.

Amach romhainn

Ár n-uaillmhianta a chomhlíonadh

Táthar ag cur le cúnamh forbraíochta an AE leis na blianta agus tá sé ag éirí níos éifeachtaí de réir a chéile. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh, i bhfianaise na géarchéime atá ag cur brú ollmhór ar gheilleagair ar fud an domhain, cúnamh a chur ar fáil ar shlí níos éifeachtaí agus ár n-uaillmhianta a fhorbairt. Ní amháin gur léiriú ar dhlúthpháirtíocht leanúnach atá sa mhéadú ar an méid cúnaimh, ach is infheistíocht san fhadtéarma é chomh maith.

Tá an AE ag iarraidh ar a Bhallstáit iarracht bhreise a dhéanamh le go mbainfear amach an sprioc a chomhaontaigh siad — 0.7 % dá n-ollioncam náisiúnta a thabhairt don chúnamh oifigiúil forbraíochta faoi 2015.

Sa "Chlár don athrú", aithníodh bearta nithiúla is féidir a dhéanamh chun cur leis an éifeachtúlacht, m.sh. fócas ar na tíortha is mó atá i ngátar, stáit leochaileacha, earnálacha atá dírithe ar fhás, roinnt níos fearr an tsaothair agus rialachas níos fearr. Ach an clár sin a chur chun feidhme, bheadh beart mór déanta againn ar mhaithe le domhan níos cothroime.

Beidh deis ann an comhar domhanda a athchóiriú chun éifeachta le linn na bpléití faoin ról a bheidh ag an mbeartas forbraíochta tar éis sprioc 2015 maidir le cuspóirí forbartha na mílaoise a bhaint amach. Thángthas ar sheasamh AE i Meitheamh 2013, bunaithe ar thogra beartais an Choimisiúin, "Saol maith do chách", inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh an beartas forbraíochta iar 2015 le tiomantas an phobail idirnáisiúnta do dhíothú na bochtaineachta agus don fhorbairt inbhuanaithe.

Oibrí feirme sa Chéinia ag tairbhiú de scéim atá maoinithe ag an AE agus a bunaíodh chun an earnáil torthaí agus glasraí a bhuanú agus a fhorbairt.

Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart creat nua a cheapadh ina ndéanfaí foráil do na nithe seo a leanas: bunchaighdeáin mhaireachtála, fás cuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, rannchuidiú le bainistíocht inbhuanaithe ár n-acmhainní nádúrtha, an ceartas, an cothromas agus an comhionannas a chinntiú, staid speisialta na dtíortha atá i gcoimhlint a chur san áireamh agus leochaileacht tíortha — príomhúdair imní ar leagadh béim mhór orthu i Laethanta Forbraíochta na hEorpa 2013 inar pléadh an próiseas a bheidh ann tar éis 2015. Leanfaidh an AE air de bheith ag tathant ar mhaithe le creat uaillmhianach iar 2015 agus féachfaidh sé chuige go léireofar tosaíochtaí an AE i ngach ceann de na fóraim ina bpléitear an t-ábhar seo.

Tá forbairt tuaithe ar cheann de na tosaíochtaí comhair atá ag an AE leis an nGaimbia, ceann de na tíortha is boichte ar domhan.

NA-70-12-021-GA-C

Tuilleadh eolais

- **Forbraíocht agus comhar — EuropeAid**: http://ec.europa.eu/europeaid/index_en.htm
- **Capacity4dev.eu — an pobal forbraíochta á nascadh le chéile**: http://capacity4dev.ec.europa.eu
- **An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí**: http://eeas.europa.eu/index_ga.htm
- **Cúnamh daonnúil agus cosaint shibhialta**: http://ec.europa.eu/echo/index_en.htm
- **Ceisteanna faoin Aontas Eorpach? Féadann Europe Direct cabhrú**: 00 800 6 7 8 9 10 11 — http://europedirect.europa.eu

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-24210-6
doi:10.2775/57057